An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers


# Próiseas Dearaidh

Forbraíodh an acmhainn seo mar chuid de sheimineár gréasáin a craoladh ar 1ú Aibreán 2020 agus is féidir a fheiceáil ar jct.ie laistigh de thíl tacaí FGL faoin táb do cheardlanna roghnacha.

Webinar

Nasc Seimineár Gréasáin:
*https://www.jct.ie/technologies/cpd_supports_graphics_elective_workshops*

Dhírigh an Seimineár Gréasáin seo dar teideal **"Grafaic á Cur i nGníomh"** ar an gcaoi ar fhorbair beirt mhúinteoirí aonad foghlama le fócas ar an réasúnaíocht mar mhodh chun bogadh chun cinn. I rith an tseimineáir ghréasáin, bíonn na múinteoirí atá ann ag plé an phróisis smaointeoireachta inar iniúchadh teagasc agus foghlaim an aonaid. Mar chuid den phróiseas seo phléigh na múinteoirí conas a d'fhorbair agus a ghin na scoláirí a gcuid smaointe. Bhí an cháipéis "Mo Threoir Dhearaidh" lárnach sa phróiseas seo agus thug sé scafláil do scoláirí tríd an ngné sin den aonad foghlama.





## Cad é atá le fail sa PDF seo?

1. Scafláil sa Phróiseas Dearaidh

Tá dhá leathanach A3 le fáil sa PDF seo ar bhain scoláirí úsáid astu le cuidiú leo an próiseas dearaidh a scafláil ó smaointe a ghiniúint, cinntí a dhéanamh, réitigh a fhiosrú agus ar deireadh réiteach a thabhairt.

Úsáidtear sna leathanaigh seo na ceisteanna atá le fáil in "Mo Threoir Dhearaidh" agus leantar próiseas dearaidh an Mhuileata Dhúbailte a thaispeántar thíos. Níl an liosta ceisteanna laistigh den treoir dhearaidh uileghabhálach agus is féidir próisis dearaidh eile a úsáid.




Buíochas mór leis na múinteoirí a bhí páirteach a chuir na hacmhainní seo ar fáil don fhoireann JCt4.

**Tabhair do d'aire:** Moltar go mbreathnaítear ar an seimineár gréasáin ag an am céanna a n-úsáidtear an acmhainn seo chun í a chur i gcomhthéacs agus nasc níos fearr a dhéanamh idir an **acmhainn**


CC BY NC


# FIONNADH TAIGHDE – Ar lorg eolas nua

Smaoinigh go leathan

# SAINIÚ CINNTÍ – Cinntí a dhéanamh faoi do thionscadal

Déan cinntí







**Cén fáth a bhfuil an fhadhb seo ann? Cén fáth a bhfuil réiteach de dhíth?**

**Conas a n-oibríonn sé?**

**Cad é faoi a gcaithfidh níos mó eolais a bheith agat?**

**Cén áit a n-úsáidtear é? An féidir é a úsáid ag áit eile agus feidhm eile leis?**

**Cad iad na réitigh eile atá ann?**

**Cad iad na hábhair agus na hacmhainní atá ar fáil?**

**Cá mhéad am atá ar fáil don tionscadal?**

**Conas is féidir liom mo thionscadal a eagrú agus na cinntí a dhéanaim a chlárú?**

**An bhfuil gnéithe ar bith a chaithfidh a bheith aige?**

**Cad iad na critéir ratha don tionscadal?**

**Ón taighde agus ón anailís a rinne tú sceitseáil réitigh fhéideartha is féidir a phlé le do phiaraí.**

**Leideanna chun...** Taighde níos fearr a dhéanamh

Cuir ceisteanna. Bí fiosrach. Bí oscailte i leith smaointe nua. Triail agus tástáil smaointe nua. .

Úsáid réimse leathan foinsí príomha agus tánaisteacha. Déan tagairt do do chuid foinsí agus ceistigh cé acu atá siad iontaofa.

Sceitseáil smaointe nó réitigh ar bith a thagann chugat is cuma a bhunúsaí a bhíonn siad. Baineann sé sin le do thionscadal ar fad.

Breathnaigh ar dhaoine agus tabhair do d'aire conas a úsáideann agus a aimsíonn siad na spásanna agus na táirgí sa domhan timpeall orthu.

Sampla – a forbraíodh le húsáid le FGL JCt4

CC BY NC

FORBAIRT

# SMAOINTE DEARAIDH – Réitigh a fhiosrú


Smaoinigh go leathan


TABHAIRT

# DEARADH DEIRIDH – Réiteach a Thabhairt

Déan cinntí





**Cad é an smaoineamh dearaidh?**

***(Úsáid nótaí/sceitsí chun gnéithe de do chuid smaointeoireachta a mhíniú)***

**Pleanáil** – (Na céimeanna a phleanáil chun an réiteach a dhéanamh.)

**Conas a chuir mé mo smaointeoireacht agus mo chinntí in iúl?**

**Am**— (Amlíne a fhorbairt do chéimeanna monaraithe mo thionscadail.)

**Déanamh** —(An mbeidh sainróil ag baill an ghrúpa sa phróiseas déantúis?)

Aiseolas a Bhailiú

**Cad é is maith agus nach maith leat faoi mo smaoineamh / réiteach dearaidh?**

**Conas is féidir liom mo smaoineamh a fheabhsú?**

**(Is féidir an cheist seo a dhíriú ar phríomhghné de do thionscadal)**

**Agus machnamh déanta ...**

Cad iad na hathruithe a rinne mé le linn an t ionscadail? Cén fáth a ndearna mé

Cad iad na hathruithe a rinne mé le linn an tionscadail?

(Cuir isteach pictiúr nó sceitse den déantán deiridh)

**An bhfuil athruithe nó feabhsúcháin ar bith is féidir liom a dhéanamh leis an dearadh?**

Sampla – a forbraíodh le húsáid le FGL JCt4

**Leideanna chun ...** Dearadh & Fréamhshamhaltú

Réimse d'ábhair líníochta a úsáid chun do smaoineamh dearaidh a sceitseáil agus a léiriú.

Modh a roghnú chun do chuid smaointe agus na príomhchinntí a dhéanann tú a chlárú agus na smaointe dearaidh ag teacht chun cinn

Tuilleadh Taighde – Nuair a thosóidh tú ag fiosrú réitigh dearaidh is féidir go bhfaighidh tú amach go gcaithfidh tú breis taighde a dhéanamh ar ábhair, comhpháirteanna nó córais rialaithe. Breac síos conas a chuidigh an taighde sin leat do réiteach deiridh a fhorbairt.

**Leideanna chun ...** Tionscadal a Chríochnú

Ná bíodh moill ort tosú ar do dhearadh nó do réiteach deiridh a dhéanamh nó a réiteach! Bí eagraithe! Smaoinigh chun cinn ar do chéad cheacht eile agus cad é a bheidh de dhíth ort.

Labhair le do chairde agus le do mhúinteoir faoi do thionscadal agus conas atá ag éirí leis. Iarr a dtuairim sin agus éist lena gcomhairle.

Cláraigh na céimeanna a dtéann tú tríothu agus do thionscadal nó réiteach á dhéanamh agat. Nuair nach dtéann rudaí de réir an phlean, cláraigh cén fáth agus conas a réitigh tú an fhadhb. Déan meancóga agus foghlaim uathu.

CC BY NC